# **Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 27:** *Áit Dhraíochtúil*



Norah McGuinness, *River to the Sea*, 1959, olaphictiúr ar chanbhás, (c) eastát an ealaíontóra

## Eolas maidir leis an saothar ealaíne:

Is é *River to the Sea* teideal na péintéireachta seo leis an ealaíontóir Éireannach, Norah McGuinness. Tá áit dhraíochtúil péinteáilte ag Norah, áit lán le féara agus bláthanna fiáine, páirc ar dhath an óir taobh leis an abhainn, agus radharc ar an bhfarraige. Tá teach ceann tuí traidisiúnta le feiceáil mar aon le móin taobh amuigh a bheidh in úsáid chun tine deas a lasadh.

Ba bhreá le Norah a bheith ag péinteáil agus d'fhorbair sí stíl dá cuid féin de réir a chéile. Tá an phéintéireacht seo cosúil le míreanna mearaí nach bhfuil? Tá fear taobh leis an abhainn; b'fhéidir go bhfuil cónaí air sa teach ceann tuí atá le feiceáil sa chúlra, nó b'fhéidir go bhfuil sé ar intinn aige iasc breá a fháil dá dhinnéar.

## Caith Súil Níos Géire ar an bPéintéireacht seo

Tá neart dathanna le feiceáil san áit seo, céard iad na dathanna a fheiceann tú?

Cén dath atá ar na sléibhte sa chúlra?

Féach ar an spéir, tá dathanna éagsúla gorma le feiceáil sa spéir, an dóigh leat go bhfuil báisteach ar an mbealach?

## Seo Linn ag Súgradh

Samhlaigh gur féidir leat siúil isteach sa phéintéireacht seo!

Céard a chloiseann tú?

Cén cineál bolaidh atá le fáil?

Céard is féidir leat lámh a leagan air?

An bhfuil an lá te nó an bhfuil leoithne dheas ghaoithe ann, nó an bhfuil báisteach ar an mbealach?

An féidir leat an abhainn a leanúint sa phéintéireacht seo, cá bhfuil a thriall?

B'fhéidir go mbeidh fonn ort sliabh a dhreapadh?

B'fhéidir go gcaithfidh tú tamall ag lapadaíl san fharraige?

B'fhéidir go rachaidh tú ag siúl trí na páirceanna?

Samhlaigh gur scannán é an phéintéireacht seo, brúigh 'seinn' - céard a tharlaíonn?

## Bímis ag Tarraingt

Tarraing d'áit féin atá lán dathanna, áit dhraíochtúil díreach duit féin!

An dtarraingeoidh tú sléibhte arda nó cnoic bheaga, féar bog ar féidir leat luí air, crainn ar féidir iad a dhreapadh, bláthanna fiáine, abhainn ar féidir í a leanúint, carraigeacha ar féidir iad a dhreapadh, pluaiseanna ar féidir iad a chuardach, trá gainmheach, sliogáin ar féidir iad a bhailiú...?

An féidir leat cuid de na dathanna atá úsáidte ag Norah a fháil sa bhaile?

Bí ag faire amach do rudaí atá gorm, glas, buí, oráiste agus corcra.

Fiafraigh de dhuine fásta cabhrú leat!

Is féidir leat cibé rud is mian leat a úsáid, cosúil le criáin, marcóirí, pinn luaidhe, páipéar daite, leathanaigh d'irisleabhair atá gearrtha ina bpíosaí...

## Lean ar aghaidh ag Samhlú!

Samhlaigh go bhfuil cónaí ort sa teachín ceann tuí atá le feiceáil sa chúlra.

An féidir leat na rudaí atá le feiceáil taobh istigh den teachín a tharraingt?

Cé atá ina c(h)ónaí sa teachín leat?

An bhfuil peata agat?

Céard a bheidh agat don dinnéar?

Céard a fheiceann tú ón bhfuinneog?

Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife**